LÁMHLEABHAR DO MHÚINTEOIRÍ
CEANNRÓDAITHE AN AONTAIS: BUAIL LE BUNAITHEOIRÍ AN AONTAIS

I. Réamhrá – Ceannródaithe an Aontais Buail le Bunaitheoirí an Aontais

Tugann an modúl seo cuireadh do dhaltaí eolas a chur ar chuntais athshamhlaithe ar na meáin shóisialta de chuid na mban agus na bhfear a bhí ar an bhfód ag tús lánpháirtiú na hEorpa. Déanfaidh daltaí iniúchadh ar laethanta tosaigh lánpháirtiú na hEorpa trí lionsa pearsanta a bhunaitheoirí, agus trí chleachtaí idirghníomhacha, tuigfidh siad freisin an fáth a bhfuil na scéalta sin ábhartha don Eoraip sa lá atá inniu ann agus do gach dalta go pearsanta. Chun foghlaim faoin gcaoi le tosú ar an ardán foghlama, féach 'Lámhleabhar na Múinteoirí: Tosú Amach' ag tús an mhodúil.

II. Cuspóirí an Mhodúil seo

Sa mhodúl seo, déanfaidh na daltaí an méid seo a leanas:

- An comhthéacs stairiúil ina raibh ceannródaithe an Aontais ina gcónaí a thuiscint agus príomhimeachtaí ábhartha a saoil a mheabhrú.
- Imeachtaí ríthábhachtacha i saol cheannródaithe an Aontais a shainaithint, arb imeachtaí iad a mhúnlaigh a ngníomhaíocht pholaitiúil.
- Luachanna pearsanta, scileanna agus cáilíochtaí ábhartha cheannródaithe an Aontais a bhailiú.
- Tuiscint a fháil ar an gcaidreamh agus ar na naisc idir ceannródaithe an Aontais.
- Naisc phearsanta agus phobail a chruthú trí eispéiris na gceannródaithe a nascadh le saol na mac léinn féin.
- Ceannródaithe an Aontais a nascadh le saincheisteanna comhaimseartha Eorpacha agus domhanda.
- Tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar bhuncháilíochtaí ceannaireachta trí staidéar a dhéanamh ar cheannródaithe an Aontais.

III. Struchtúr & Fad an Mhodúil

Tá an modúl seo deartha chun freastal ar riachtanais éagsúla. Is féidir leat é a úsáid chun sraith ceachtanna a struchtúrú timpeall air, chun ceacht amháin a thiomnú dó, nó gan ach roinnt codanna a úsáid chun d'ábhair féin a chomhlánú. Is féidir leis tacú le múinteoirí staire, oideachais saoránachta, tíreolaíochta agus múinteoirí teanga freisin toisc go bhfuil an t-ábhar iomlán (téacs agus ábhair chlosamhairc) ar fáil i 24 theanga le fotheidil. Is féidir leat an modúl seo a úsáid freisin mar obair bhaile nó chun cuairt ar Áras Stair na hEorpa a ullmhú nó chun obair leantach a dhéanamh ina leith.

Tá roinnt céimeanna sa **chonair foghlama a mholtar** ina ndéanann daltaí na nithe seo a leanas:

1. Machnamh a dhéanamh ar cháilíochtaí ceannaireachta
2. A fháil amach faoi phróifílí athshamhlaithe ceannródaí amháin nó níos mó de chuid an Aontais ar na meáin shóisialta
3. Machnamh a dhéanamh ar a n-ábharthacht don domhan, do phobail na mac léinn agus dóibh féin

4. a bpostáil féin ar na meáin shóisialta a chruthú bunaithe ar a gcuid smaointe
5. Cáilíochtaí nua ceannaireachta a shainaithint bunaithe ar shaol cheannródaithe an Aontais

Braitheann **fad** an mhodúil ar an leibhéal mionsonraithe is mian leat a chlúdach, ach molaimid ceacht 50 nóiméad amháin ar a laghad a leithdháileadh le haghaidh chéimeanna 1-3, agus ceacht 50 nóiméad amháin chun céimeanna 4-5 a leanúint (féach an chonair foghlama a mholtar thíos). Bunaithe ar aiseolas ó mhúinteoirí a rinne an modúl a thástáil ina seomraí ranga, d'fhéadfadh an forléargas seo a bheith ina chuidiú duit:

An t-am a caitheadh	% de na múinteoirí	Eolas breise:
Níos mó ná 90 nóiméad	25%	Dhá cheacht (90+ nóiméad) chun críochnú go hiomlán & plé domhain a dhéanamh.
60–90 nóiméad	24%	Go leor le haghaidh rannpháirtíochta agus mínithe níos críochnúla.
45–60 nóiméad	15%	Ceacht amháin le plé gairid.
30–45 nóiméad	17%	Seisiún tapa, lena gclúdaítear ábhar roghnaithe ach nach gclúdaítear go hiomlán é.

IV. Cad é an Modh Smaointeoireachta Infheicthe agus conas é a Chur i bhFeidhm?

Cur chuige dírithe ar mhic léinn is ea an Modh Smaointeoireachta Infheicthe a chuireann a gcuid ceisteanna i lár an aonaigh. Déanann sé na próisis smaoinimh a eismheánú, rud a chuireann ar chumas na mac léinn tuiscint níos fearr a fháil orthu. Trí shraith shimplí ceisteanna, forbraíonn na daltaí scileanna smaointeoireachta criticiúla a dhoimhníonn a dtuiscint. Ní hamháin go gcuireann an cur chuige sin eolas stairiúil in iúl, ach cabhraíonn sé le foghlaimeoirí a ábharthacht a thuiscint sa lá atá inniu ann.

Ós rud é gur féidir leis na hábhair a phléitear a bheith pearsanta, smaoinigh an mothaíonn an t-atmaisféar ranga sábháilte agus an féidir leat a chinntiú go gcaithfidh na foghlaimeoirí go measúil lena chéile. Pléigh an pointe seo leis an rang má cheapann tú go bhféadfadh sé a bheith riachtanach.

An modh a úsáidtear sa mhodúl seo: Na Trí Cén Fáth*

Cuspóir:
Cuidíonn an gnáthamh sin le daltaí tuiscint a fháil ar thábhacht cheannródaithe an Aontais ar an leibhéal domhanda, áitiúil agus pearsanta trí shraith trí cheist:

1. Cén fáth go bhféadfadh an duine seo a bheith tábhachtach domsa?
2. Cén fáth go bhféadfadh an duine seo a bheith tábhachtach do na daoine timpeall orm?
3. Cén fáth go bhféadfadh an duine seo a bheith tábhachtach don domhan?

Cur i bhfeidhm:
Sa mhodúl seo, bainimid úsáid as postálacha meán sóisialta cheannródaithe an Aontais chun smaointeoireacht na ndaltaí a fhréamhú. Molaimid an gnáthamh seo a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar shaol cheannródaithe an Aontais, lena gcabhraítear le mic léinn a bheith ar an eolas faoina dtionchar agus a n-iarmhairtí fadréimseacha ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal Eorpach. Ina theannta sin, tá an gnáthamh ceaptha chun nasc pearsanta a chothú le ceannródaithe an Aontais, a bhféadfadh cuma iargúlta a bheith orthu ar dtús.

Leideanna Seolta:

Cinntiú go dtuigeann na daltaí go soiléir pointí riachtanacha na hanailíse trí shamplaí a úsáid:

- **Cén fáth go bhféadfadh an ceannródaí seo a bheith tábhachtach domsa?** Spreag daltaí chun smaoineamh ar naisc idir iad féin agus an ceannródaí, lena n-áirítear a luachanna, a ndúshláin, a n-éachtaí, a mbunús agus a dtógáil.
- **Cén fáth go bhféadfadh an ceannródaí seo a bheith tábhachtach do na daoine timpeall orm?** Déan na daltaí a spreagadh chun a smaointeoireacht a leathnú trí naisc a aimsiú idir an ceannródaí agus e.g. a seomra ranga, a gcairde, a bhfoirne spóirt, a dteaghlaigh, nó fiú a gcathair nó a dtír.
- **Cén fáth go bhféadfadh an ceannródaí seo a bheith tábhachtach don domhan?** Sa chéim dheiridh, iarr ar dhaltaí machnamh a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil an ceannródaí ábhartha ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal domhanda. Conas a chuir an ceannródaí le lánpháirtiú na hEorpa, le tuiscint níos fearr i measc tíortha, nó leis an tsíocháin?

Mar shampla, d'fhéadfá an gnáthamh a thabhairt isteach trí cheist a chur, 'Cén fáth a bhféadfadh tuiscint ar shaol Simone Veil mar bhean sa pholaitíocht a bheith tábhachtach do na daoine mórthimpeall ort?' in ionad, 'Cén fáth a bhfuil tábhacht lena próifíl Instagram?' Iarr ar dhaltaí oibriú céim ar chéim. Má dhéanann siad iarracht oibriú ar na trí cheist go léir ag an am céanna, féadfar miondifríochtaí idir na peirspictíochtaí pearsanta, áitiúla agus domhanda a chailleadh. Más féidir, déan comparáid idir smaointe na ndaltaí agus déan iad a ghrúpáil chun inspreagadh agus réasúnaíocht chomhroinnte a aithint.

Sampla:
Cén fáth go bhféadfadh Simone Veil a bheith tábhachtach domsa?
Tá tábhacht ag Simone Veil dom toisc gur marthanóir ón Uileloscadh mo sheanmháthair agus ba mhór a chorraigh na scéalta faoin am sin mé. Is díol spéise é go gcomhroinneann sí an taithí sin le Simone Veil mar luathcheannaire AE.

Cén fáth go bhféadfadh Simone Veil a bheith tábhachtach do na daoine timpeall orm?
Sílim go bhfuil sé tábhachtach infheictheacht a thabhairt do Simone Veil agus fios a bheith againn faoina saol toisc go bhfuil go leor cainte pobalaí i mo fhoireann peile áitiúil faoi mhná sa pholaitíocht agus faoi ról reatha na nGiúdach. Trí eolas a bheith agat ar eiseamláirí cosúil le Simone Veil, tig leat cur ina choinne sin.

Cén fáth go bhféadfadh Simone Veil a bheith tábhachtach don domhan?
Cé go bhfuil cónaí orainn sa 21ú haois, tá mná fós faoi ghannionadaíocht sa pholaitíocht agus níl na deiseanna céanna acu le fir maidir le poist chumhachta. Is eiseamláir iontach í Simone Veil den mhéid is féidir le bean a dhéanamh, go háirithe siar i laethanta na 1970idí.

** Forbraíodh an gnáthamh smaointeoireachta 3 Cén Fáth ag Project Zero, ionad taighde i Scoil Oideachais Iarchéime Harvard.*

V. An Chonair Foghlama a Mholtar, Céim ar Chéim

Beidh treoracha ag teastáil ó dhaltaí maidir le gach céim agus treoir maidir leis an méid ama ar chóir dóibh a chaitheamh agus leibhéal na bhfoghlaimeoirí agus ar an am atá ar fáil á gcur san áireamh.

1. **Trí cháilíocht cheannaire [10 nóiméad]**
   Is coincheap lárnach í an cheannaireacht le linn an mhodúil. Tosaíonn daltaí trí thrí cháilíocht a scríobh síos chun machnamh neamhchlaonta a dhéanamh ar cheannaireacht (e.g. 'diongbháilteacht', 'comhbhá', 'cinnteoireacht').

Feidhmíonn an ghníomhaíocht sin mar 'téamh suas'. Coinnigh an mhír seo gairid, chun níos mó ama a fhágáil le haghaidh plé ag deireadh an mhodúil. Is féidir leat roinnt freagraí a bhailiú agus a ghrúpáil go tapa ag an gcéim seo nó iad a athbhreithniú ag conclúid an mhodúil.

Ceacht 1 (~ 50 nóiméad)

2. **Próifílí Cheannródaithe an Aontais a fhiosrú [20 nóiméad]**
Is féidir leat ceannródaí amháin nó níos mó a shannadh do gach mac léinn nó grúpa mac léinn chun iniúchadh a dhéanamh nó ligean dóibh próifíl meán sóisialta ceannródaí an Aontais amháin nó níos mó a roghnú gan bhac.. Eagraítear na postálacha ar na meáin shóisialta in ord croineolaíoch agus leagtar béim iontu ar chlocha míle tábhachtacha i saol na gceannródaithe. Tá gach íomhá péireáilte le téacs dhá chuid. Nóta do mhúinteoirí teanga: Is minic a mheaitseálann an téacs labhartha sna físeáin an chéad chuid den téacs scríofa, ach ní i gcónaí. Is féidir leis an ngné seo a bheith cabhrach mura bhfuil rochtain ag daltaí ar ghléasanna fuaime chun na físeáin a sheinm le fuaim. Ag deireadh roinnt postálacha, aimsíonn daltaí barúlacha ó cheannródaithe eile an Aontais, lena nasctar na próifílí éagsúla. Molaimid gach postáil de phróifíl a athbhreithniú, ach ba cheart sé cinn ar a laghad a iniúchadh sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an chéad ghníomhaíocht eile.

3. **Freagra a thabhairt ar na Trí Cén fáth [15 nóiméad]**
Tar éis dóibh ceannaire a iniúchadh, freagraíonn na daltaí ceisteanna na dTrí Cén fáth. Tar éis do dhaltaí a bhfreagraí a chur isteach, is féidir le múinteoirí iad a fheiceáil ar an ardán. Is tráthúil an t-am seo chun a iarraidh ar mhic léinn a gcuid freagraí a chur i láthair. An bhfuil na freagraí cosúil lena chéile nó difriúil? Spreag na daltaí chun smaointe a forbairt agus iad a mhalartú. De rogha air sin, is féidir é seo a shannadh mar obair bhaile, rud a soláthraíonn slí iontach chun filleadh ar an ábhar i gceacht leantach.

Ceacht 2 (~ 40 nóiméad)

4. **Postáil na Meán Sóisialta a chruthú [30 nóiméad]**
Chun a n-anailísí a chur i bhfeidhm, tugtar cuireadh do dhaltaí postáil ar na meáin shóisialta a chruthú i ngrúpaí beaga nó ina n-aonar. Is féidir leo ábhar closamhairc a chruthú nó a uaslódáil agus emojis, haischlibeanna, etc. a úsáid. Tá cead agat cinneadh a dhéanamh faoin gcineál postála ba cheart do dhaltaí a chruthú. Seo chugat roinnt samplaí de na postálacha sin:

- **Postáil 'amhail is dá mba':** Glacann daltaí ról cheannaire an Aontais agus cruthaíonn siad post faoi ábhar comhaimseartha (e.g. Louise Weiss ar ról na hiriseoireachta; Jean Monnet ar ról na heacnamaíochta i saol an lae inniu).
- **Post pearsanta ag daltaí bunaithe ar na Trí Cén Fáth:** Déanann na daltaí machnamh ar a bhfreagraí ón ngníomhaíocht roimhe seo agus cruthaíonn sé postáil ina léirítear a réasúnaíocht (e.g. an fáth a bhfuil tábhacht leis an bpolaitíocht luachbhunaithe sa lá atá inniu ann agus an fáth a bhféadfadh Alcide de Gasperi a bheith ina eiseamláir).

Nuair a bheidh na poist curtha isteach agat, is féidir leat cuireadh a thabhairt do roinnt daltaí nó grúpaí a gcuid post a chur i láthair na coda eile den rang.

5. **Cáilíochtaí Nua Ceannaireachta a aithint [10 nóiméad]**
Tabhair an modúl chun críche trí thrí cháilíocht cheannaireachta nua, bhreise nó chomhlántacha a aithint bunaithe ar a bhfuil foghlamtha ag mic léinn. Is féidir le múinteoirí aighneachtaí na ndaltaí a fheiceáil ar an ardán. Iarr orthu a gcáilíochtaí nua a chur i láthair, míniú a thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil athrú tagtha ar

a ndearcadh i leith na ceannaireachta, agus plé a dhéanamh ar an ról a bhí ag saol cheannródaithe an Aontais sa phróiseas sin.

VI. Tuilleadh Nasc agus Ábhar**

Maidir leis an Modh Smaointeoireachta Infheicthe

- Faigh tuilleadh eolais faoin Modh Smaointeoireachta Infheicthe a d'fhorbair 'Project Zero' Ollscoil Harvard (EN).

Ábhair faoi cheannródaithe an Aontais

- Konrad Adenauer
  - Konrad Adenauer House (DE, EN, FR)
  - The Founding Fathers of the European Union
  - Konrad Adenauer Foundation (DE & EN)
- Joseph Bech
  - The Founding Fathers of the European Union
- Johan Beyen
  - The Founding Fathers of the European Union
- Alcide de Gasperi
  - Alcide De Gasperi House
  - The Founding Fathers of the European Union
- Jean Monnet
  - Jean Monnet House
  - Jean Monnet Institute (FR & EN)
  - The Founding Fathers of the European Union
- Robert Schuman
  - Robert Schuman House
  - The Founding Fathers of the European Union
  - Robert Schuman Foundation (EN, DE, FR, ES, PL, UA)
- Paul-Henri Spaak
  - The Founding Fathers of the European Union
- Simone Veil
  - Simone Veil: Holocaust survivor and first female President of the European Parliament
  - Simone Veil: Survivor, activist, feminist, politician (EN, FR)
- Louise Weiss
  - Musée de Saverne (Louise Weiss collection) (FR)
  - Louise Weiss: lifelong champion of European values and women's rights
  - Louise Weiss: a committed European
- Audiobook about the EU pioneers

Áras Stair na hEorpa & Parlaimint na hEorpa

- Suíomh Greasáin Áras Stair na hEorpa
- Euroscola**:** Bí i d'Fheisire de Pharlaimint na hEorpa ar feadh lae! Tugann clár Euroscola in Strasbourg daltaí le chéile ó gach cearn den Eoraip chun taithí phraiticiúil a fháil ar an daonlathas parlaiminteach Eorpach.
- Scoileanna Ambasadóra Pharlaimint na hEorpa (Ábhair foghlama & an Comhphobal Eorpach)
- An Parlamentarium sa Bhruiséil
- An Parlamentarium in Strasbourg
- Tabhair cuairt ar Sheomra Tionóil Pharlaimint na hEorpa: An Bhruiséil & Strasbourg
- Oifig Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa i mBaile Átha Cliath & i Londain
- Chun teagmháil a dhéanamh le daoine atá ar aon intinn leat agus páirt a

ghlacadh sa daonlathas Eorpach
https://together.europarl.europa.eu/ga/

** Tá na hábhair uile ar fáil i 24 theanga oifigiúla an Aontais, mura léirítear a mhalairt.

I gcás aon cheist maidir le hábhar nó modheolaíocht an Bhosca Uirlisí Digiteacha, seol ríomhphost chugainn: historia-learning@europarl.europa.eu